RIALACHÁN (AE) 2022/546 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2022

lena mbunaítear cosc iascach sealadach le haghaidh péirsí mara i limistéar NAFO 3M i gcás soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2022.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta meántéarma a chionroinntear le haghaidh na tréimhse roimh an 1 Iúil 2022 ídithe ag gabhálacha an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M a rinne soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc sin go dtí an 30 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le haghaidh an stoic péirsí mara i limistéar NAFO 3M le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022 san áireamh, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo go dtí an 30 Meitheamh 2022 san áireamh, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dírithe a bhaineann leis an stoc dá dtagraítear in Airteagal 1, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann soithí a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	01/TQ109
Ballstát	An tAontas Eorpach (Na Ballstáit uile)
Stoc	RED/N3M.
Speiceas	An phéirse mhara *(Sebastes* spp.*)*
Limistéar	NAFO 3M
Tréimhse choiscthe	25 Márta 2022 ar 24.00 AUL go dtí an 30 Meitheamh 2022